

Ráiteas Straitéise 2008-2010

Imleabhar I





“A bheith ar thús cadhnaíochta ag forbairt inbhuanaithe earnáil iomaíoch agus nuálach agraibhia, bia, iascaigh agus foraoiseachta a bheidh dírithe ar an tomhaltóir, agus ag cur le geilleagar agus sochaí bhríomhar na tuaithe”.



Brendán MacGabhann TD
An tAire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia



Tony Killeen TD
Aire Stáit



Trevor Sargent TD
Aire Stáit

Teachtaireacht ón Aire, Brendán MacGabhann TD

Cuireann sé áthas orm Ráiteas Straitéise na Roinne don tréimhse trí bliana 2008-2010 a chur i láthair in éineacht leis na hAí, Sargent agus Killeen.

Cuirtear na príomhspríocanna agus na príomhghníomhartha a theastaíonn chun na hearnálacha agrairbhia agus iascaigh a fhorbairt i láthair sa cháipéis seo, earnálacha a bhfuil ról tábhachtach acu maidir le forbairt ár ngeilleagair. Léiríonn an dlúthghaol idir an Clár don Rialtas agus na gníomhartha straitéiseacha agus na táscairí feidhmíochta sa Ráiteas Straitéise nua seo na tosaíochtaí straitéiseacha a chuir mé féin agus mo chomhghleacaithe aireachta béim orthu le linn an phróisis fhorleathain chomhchomhairle agus ullmhúcháin.

Fáiltím go háirithe roimh ar an bhfreagracht bhreise a bhaineann le tionscal an iascaigh mhara mar a sannadh ar an Roinn seo. Braithim go mbeidh go leor sineirge mar thoradh ar an idirghníomhaíocht leis an eanáil agrairbhia mar go bhfuil na príomhdhúshláin a bhaineann le hathrú struchtúrach leanúnach agus iomaíochas os comhair an dá thionscal. Tá ról ríthábhachtach ag an Roinn maidir le beartais agus straitéisí a chur i bhfeidhm chun cumas agus iomaíochas na dtionscal dúchasach sin a fheabhsú. Tá roinn tionscnamh den sórt sin sa Straitéis seo agus ba chóir go gcuirfeadh feidhmíú rathúil na dtionscnamh sin go mór le forbairt inbhuanaithe na dtionscal sin atá scaipthe go geografach ar mórúsáideoirí abhábhar iad a tháirgtear go háitúil agus a dhéanann go leor chun forbairt eacnamaíoch agus fostaíocht a choinneáil i bpobail réigiúnacha, tuaithe agus cósta.

Saincheist lena mbaineann tábhacht maidir le gach réimse, tábhacht atá ag dul i méid, is ea an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag athrú aeráide ar fhorbairt inbhuanaithe leanúnach ár ngeilleagair, ár sochaí agus ár n-acmhainní nádúrtha. Tá an caidreamh idir slándáil bhia agus an comhshaol casta. Tá go leor machnaimh agus anailís ar bun, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, ar na deiseanna domhanda atá amach roimh earnálacha an bhia, na talmhaíochta, an iascaigh agus na foraoiseachta agus ar na dúshláin a bhaineann le hathrú aeráide. Cabhróidh sé seo leis an Roinn agus leis an eanáil agrairbhia na bearta riachtanacha a aithint le slándáil bhia a chosaint taobh istigh de na gníomhartha níos leithne a theastaíonn le dul i ngleic le hathrú aeráide agus an gá le táirgeadh fuinnimh in-athnuaite a mhéadú. Tá sé sin ar cheann de mhórdhúshláin ár linne.

Táim ag tnúth a bheith ag obair le mo chomhghleacaithe Aireachta, le foireann na Roinne agus lenár ngeallsealbhóirí maidir leis an obair thábhachtach seo a chur chun cinn.

Brendán MacGabhann TD
An tAire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia



Réamfhocal ón Ard-Rúnaí, Tom Moran

Leagtar amach na dúshláin agus na spriocanna a bhfuil an Roinn le freastal orthu le linn an chuid eile de na deich mbliana seo atá fágtha sa séú Ráiteas Straitéise de chuid na Roinne Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia. Leanfar leis an bpróiseas seo amach anseo de réir mar a leanann feirmeoireacht ar aghaidh á cur féin in oiriúint d'éilimh an mhargaidh. Tá an hearnála agraibhia imithe níos mó agus níos mó ó thráchtearraí bunúsacha i dtreo táirgí níos éagsúla ar luach níos airde. Leis sin, bhí an earnáil in ann luach na n-onnmhairithe a mhéadú ar shlí níos comhsheasmhaí agus mar thoradh air sin is í an earnáil sin an earnáil is mó a dhéanann airgead laistigh den earnáil déantúsaíochta dúchasach.

Réimse gnóthachtála eile is ea forbairt Chlár Forbartha Tuaithe nua don tréimhse 2007-2013. Bhí leibhéal infheistíochta sa chlár sin nár baineadh amach riamh cheana de €6.6bn chun cur lenár dtimpeallacht tuaithe, chun iomaíochas a fheabhsú agus chun inmhathánacht na hearnála agraibhia amach anseo a dhaingniú. Cuimsíonn na trí réimse seo – earnáil talmhaíochta atá ag athrú a bhainistiú, táirgeacht bia níos fearr agus cur le geilleagar tuaithe – ár bpríomhstraitéisí faoi láthair agus amach anseo. Ní dúshlán statach é sin, tá na héilimh a bhaineann le hathrú seasmhach agus ionchorpraítear réimsí nua freagrachta sa Ráiteas Straitéise reatha chomh maith leis na hathruithe a bhfuiltear ag súil go mbeidh tionchar acu ar ár dtimpeallacht oibríochta amach anseo a thabhairt le fios.

Tá freagrachtaí breise tugtha don Roinn maidir le leas ainmhithe agus forbairt an tionscail bhia, ach is é an t-athrú is mó maidir lenár réimse freagrachta ná an fhreagracht as forbairt fhoriomlán an tionscail iascaigh mhara. Baineann feidhmeanna éagsúla leis an bhfeidhm seo a théann ó stoc a chaomhnú agus do bharshaothrú go forbairt infrastruchtúir an fhlíth tráchtála mar aon leis an tionscal bia mara. Déanann gach ceann de na réimsí seo éilimh leanúnacha lena gcuid forbartha a neartú agus féachann an Ráiteas Straitéise seo le haghaidh a thabhairt ar na riachtanais a bheidh acu amach anseo.

Tá tréimhse buailte linn ina mbeidh go leor deiseanna don earnáil agraibhia agus, mar a tharlaíonn go minic, go leor dúshlán chomh maith. Beidh rithábacht sa todhchaí le hiomaíochas agus le soláthar bia inbhuanaithe a choimeád. Tugann anailís na saineolaithe le fios gur dócha go mbeidh slándáil soláthar bia ina hábhar práinne amach anseo mar thoradh ar a thuilleadh éilimh ar bhia ar fud an domhain, athrú aeráide, ídiú acmhainní ithreach agus uisce agus an t-athrú ar úsáid talún ó bhia go fuinneamh agus eile. Sa blianta amach romhainn, caithfidh beartas talmhaíochta ról lárnach na hearnála, ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na mórdhúshláin dhomhanda seo, a chur chun cinn.

Tom Moran
An tArd-Rúnaí

Ábhar

leathanach

Teachtaireacht ón Aire

4

Réamhfocal ón Ard-Rúnaí

5

Caibidil 1 -- Ár nEagraíocht, Ráiteas Misin agus Spriocanna Ardleibhéil

1.1	Réamhrá	7
1.2	Ráiteas Misin	7
1.3	Spriocanna	8
1.4	Luachanna	8
1.5	Struchtúr	8

Caibidil 2 - Comhthéacs agus Dúshlán

2.1	Forléargas	10
2.2	Tomhaltóirí agus Custaiméirí Eile	11
2.3	Tráchtearraí Talmhaíochta agus Dearcadh an Mhargaidh	12
2.4	An Tionscal Bia a Fhorbairt	13
2.5	Iascaigh a Fhorbairt	13
2.6	Foraoiseacht a Chur Chun Cinn	14
2.7	An Comhshaol a Bhainistiú	14
2.8	Nuáil a Chur Chun Cinn	15
2.9	Patrúin Feirmeoireachta a Athrú	15
2.10	Poitéinseal Bithfhuinnimh a Fhorbairt	16
2.11	An tUalach Rialála a Athbhreithniú	16
2.12	Feidhmíocht Eagraíochta agus an Clár Oibre Nuachóirithe	16

Caibidil 3 - Goals, Strategies and Performance Indicators

Sprioc 1	18
Sprioc 2	20
Sprioc 3	22
Sprioc 4	24
Sprioc 5	25

Caibidil 4 - Comhchomhairle, Príomh-Naisc agus Socruithe Monatóireachta

4.1	An Próiseas Comhchomhairle	27
4.2	Príomh-Naisc	27
4.3	Naisc Trasfheidhmeacha Inmheánacha	28
4.4	Na Próis Mhonatóireachta agus Athbhreithnithe	28

Aguisín A	Cairt Eagraíochta	29
Aguisín B	Comhaltaí MAC	30
Aguisín C	Liosta de Ghiorrúcháin	34



"A bheith ar thús cadhnaíochta ag forbairt inbhuanaithe earnáil iomaíoch agus nuálach agraibhia, bia, iascaigh agus foraoiseachta a bheidh dírithe ar an tomhaltóir, agus ag cur le geilleagar agus sochaí bhríomhar na tuaithe".

Caibidil 1- Ár nEagraíocht, Ráiteas Misin agus Spriocanna Ardleibhéil

1.1. Réamhrá

Díríonn an Ráiteas Straitéise seo go sonrach ar anailís straitéise, spriocanna agus feidhmíochta. Tugann sé forléargas ar an seasamh reatha ina bhfeidhmíonn an Roinn agus léiríonn sé na príomhspríocanna agus na feidhmeanna straitéiseacha a dtabharfaimid fúthu chun iad a bhaint amach. Ina theannta sin tá sraith torthaí feidhmíochta ardleibhéil aitheanta againn do gach sprioc, a léiríonn na sochair fhoriomlána nó na hathruithe a bhfuil sé mar aidhm againn a bhaint amach sna trí bliana atá amach romhainn.

Ní doiciméad as féin é. Tá sé bunaithe ar thorthaí na hanailíse níos mionsonraithe atá i ndoiciméid ar nós Tuarascáil Fís-Talmhaíochta 2015, *Steering a New Course- Strategy for a Restructured Sustainable and Profitable Irish Seafood Industry 2007-2013*, an Straitéis Forbartha Tuaithe, etc. Ba chóir féachaint ar mar ghné amháin de shraith doiciméad beartas roinne agus ní mar threoir chinnte ar raon agus scála cuimsitheach na ngníomhaíochtaí a dhéanann an Roinn. Tá faisnéis níos iomláine maidir lenár ngníomhaíochtaí, dtuarascálacha, scéimeanna agus seirbhísí in Imleabhar 11.

Is eagraíocht il-fheidhmíochta í an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia a chuireann raon leathan seirbhísí ar fáil go díreach agus trí ghníomhaireachtaí stáit speisialaithe a fheidhmíonn faoina coimirce. Tá bonn custaiméirí leathan againn lena n-áirítear cáiniócoirí, feirmeoirí, tomhaltóirí, próiseálaithe bia agus oibritheoirí tráchtála eile, daoine a bhfuil baint acu le hiascaireacht, foraoiseacht, bith-fhuinneamh, taighde, chomh maith le forais AE éagsúla, Comhlachtaí Stáit eile agus grúpaí sainleasa.

1.2. Ráiteas Misin

"A bheith ar thús cadhnaíochta ag forbairt inbhuanaithe earnáil iomaíoch agus nuálach agraibhia, bia, iascaigh agus foraoiseachta a bheidh dírithe ar an tomhaltóir, agus ag cur le geilleagar agus sochaí bhríomhar na tuaithe".

1.3. Spriocanna

Tá sé mar aidhm againn ár misean a chomhlíonadh trí dhul ar thóir na gcúig Sprioc Ardleibhéal seo a leanas, a gcuirtear leo agus a bhfóirítear ag na straitéisí agus táscairí feidhmíochta mionsonraithe i gCaibidil 3

Sprioc 1. *“Creat beartais iomchuí a sholáthar chun tacú le forbairt earnáil a bheidh iomaíoch agus nuálach go hidirnáisiúnta agus a bheidh dírithe ar an tomhaltóir”.*

Sprioc 2 *“Na caighdeáin is airde is féidir maidir le sábhailteacht bia, cosaint tomhaltóirí, leas agus sláinte ainmhithe, sláinte iasc agus plandaí, lena n-áirítear bearta bithshlándála iomchuí, a chinntiú”.*

Sprioc 3. *“Inbhuanaitheacht eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil agus athrú struchtúrtha iomchuí a chur chun cinn sna hearnálacha talmhaíochta, foraoiseachta, iascaigh, bith-fhuinnimh agus táirgthe bia”.*

Sprioc 4. *“Ár gcuid scéimeanna agus clár go léir a fheidhmiú ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach ar shlí dírithe ar an gcustaiméir, ár gcaighdeán maidir le seirbhísí a sheachadadh a fheabhsú agus an t-ualach rialála ar ár gcliaint a shimpliú”.*

Sprioc 5. *“Cur lenár gcumas go leanúnach trinár ndaoine agus ár gcórais a fhorbairt, na caighdeáin rialachais chorparáidigh is airde a chothabháil, agus an clár díláraithe agus nuachóirithe seirbhíse poiblí a chur i bhfeidhm.”*

1.4. Luachanna

Cloímid, inár gcuid oibre, le Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse, a bhaineann leis na rudaí seo a leanas

- Ár n-iompar a bheith eiticíúil, cothrom, neamhchlaon agus meas a bheith againn ar cheartas sóisialta, comhionannas sóisialta agus uilechuimsitheacht shóisialta.
- Feidhmiú ag na caighdeáin is airde éifeachtúlachta, díchill agus cuirtéise.
- A bheith oscailte agus cuntasach, coimhlint leasa a sheachaint agus a aithint go mbímid ag fónamh do mhuintir na tíre.
- Comhpháirtíocht a chur chun cinn trí chomhchomhairle lenár gcustaiméirí go léir, agus meas a bheith againn orthu.
- Caighdeáin sárchleachtais a chur i bhfeidhm maidir le hearcaíocht, oiliúint foirne agus forbairt.

1.5. Struchtúr

Tá an fhoireann reatha comhdhéanta de 4,287 (comhionann lánaimseartha) agus tá os cionn 80% díobh sin ag obair lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

Tá an fhoireann lonnaithe sna cúig oifig cheanncheathrú (Baile Átha Cliath, an Cabhán, Port Laoise, Cloch na Coillte agus Caisleán Johnstown) chomh maith le i scaipeadh leathan geografach d’oifigí, saotharlanna agus áitribh áitiúla eile. Léirítear na príomh-oifigí ar an mapa thíos.

Sna blianta amach romhainn beidh tuilleadh athruithe inár ndáileadh geografach de réir mar a tharlóidh na rudaí seo a leanas:


- beidh foireann athlonnaithe go dtí Bacastún, Co. Chill Dara,
- rachaidh an clár díláraithe ar aghaidh,
- déanfar athruithe eagraíochta dá bharr sin, de réir mar is gá, chun freastal ar mholtaí na gclár athbheithnithe i nmheánach agus seachtrach, agus déanfar oibríochtaí a chomhdhlúthú chun éifeachtúlacht agus seachadadh seirbhísí a fheabhsú.

Tá an chairt eagraíochta mhionsonraithe ar leathanaigh 29-32.

Suíomh na nOifigí

- Príomhoifigí na Roinne
- Oifigí Aitiúla
- ▲ Saotharlanna & Stáisiúin Allamuigh
- Ionaid Chalafoirt Iascaigh





Is mó a fheictear talmhaíocht agus iascaigh mar chroílár fhreagra na hEorpa ar phríomhdhúshláin maidir le bia a fháil agus bainistiú comhshaoil

Caibidil 2- Comhthéacs agus Dúshláin

2.1 Forléargas

Tá an Straitéis seo curtha le chéile i dtéarmaí na bpríomhfhachtóirí polaitiúla, eacnamaíocha agus institiúide a mbeidh tionchar acu ar oibríochtaí na Roinne sna trí bliana amach romhainn. Tarraingíonn na gníomhartha straitéise sa doiciméad seo ar an gClár do Rialtas agus ar phríomhdhoiciméid bheartais Rialtais eile chomh maith, lena n-áirítear:

- An Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013
- I dTreo 2016
- Plean Gníomhaíochta Agraifhís 2015
- Straitéis agus Clár Forbartha Tuaithe 2007-2013
- An Straitéis Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuála 2006-2013
- Steering A New Course: Strategy for a Restructured, Sustainable and profitable Irish Seafood Industry 2007 – 2013
- Sea Change: A Marine Knowledge, Research & Innovation Strategy for Ireland 2007 - 2013
- An Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide 2007-2012
- An Plean Gnímh Bith-fhuinnimh Náisiúnta,
- Rialáil Níos Fearr
- An Plean Náisiúnta Bithéagsúlachta

Le chéile, léiríonn na doiciméid sin tréimhse thábhachtach nua i bhforbairt earnálacha talmhaíochta, bia, iascaigh agus foraoiseachta na hÉireann a dhíreofar ar iomaíochas, nuáil agus inbhuanaitheacht. Tá méid mór maoinithe ón státchiste curtha ar fáil chun tacú leis an oiriúnú riachtanach atá le déanamh ag earnáil phríobháideach na hÉireann.

Comhlánaíonn forbairtí ag leibhéal AE agus idirnáisiúnta an treoir straitéise seo. Tá athchóiriú radacach déanta ar an gComhbheartas Talmhaíochta le híocaíochtaí deighilte ó tháirgeadh, chun tuilleadh saoirse a thabhairt d'fheirmeoirí freagairt do chomharthaí margaidh fad a chinnteofar go ndíreofar maoiniú cáiniocóirí ar tháirgeadh earraí poiblí, lena n-áirítear comhshaoil glan agus bith-éagsúil agus ardchaighdeáin sábháilteachta bia, agus sláinte agus leas ainmhithe. Is dócha go leanfar leis na treochtaí sin i Seiceáil Sláinte an Chomhbheartais Talmhaíochta a bhfuil sé beartaithe cinneadh a dhéanamh ina leith i 2008.

Ar shlí níos bunúsaí, feictear go bhfuil talmhaíocht agus iascaigh ag croílár fhreagra na hEorpa ar roinnt de phríomhdhúshláin an lae inniu. Ní dhéantar talamh slán níos mó de sholáthar inbhuanaithe bia a chomhlíonann éileamh thomhaltóirí na hEorpa ar fhíre agus ar inriantacht. Tugann treochtaí i margáí idirnáisiúnta agus teilgin go mbeidh dhá oiread an éilimh ar bhia sa domhan dúshlán nach mór a bheith comhlíonta go príomha ag táirgeadh Eorpach. Ag an am céanna, de bharr an dúshláin domhanda maidir le hathrú aeráide agus imní faoi ídiú ar bhreoslaí iontaise, acmhainní ithreacha agus uisce agus bithéagsúlachta, lena n-áirítear an stoc éisc fiáin, tá athrú tagtha ar dhearcadh na ndaoine ar chaidreamh shochoaí an lae inniu leis na hacmhainní sin agus tá athnuachan tagtha ar an éileamh ar inbhunaitheacht comhshaoil, shóisialta agus eacnamaíoch. Tá beartas talmhaíochta, foraoiseachta agus iascaigh lárnach d'fhreagra na sochaí ar na saincheisteanna sin.

Eascraíonn na saincheisteanna seo a leanas as an anailís sin agus as aitheantas a thabhairt don ról faoi athrú atá ag an earnáil i ngeilleagar an lae inniu.

2.2. Tomhaltóirí agus Custaiméirí eile

Tá soláthar slán de bhia sábháilte, ardchaighdeán ar phraghas réasúnta de dhíth ar thomhaltóirí agus tá comhlíonadh an éilimh sin lárnach le go mairfidh ár n-earnáil agraibhia agus le go bhforbróidh sí. Tá soláthar slán normálta san Eoraip le blianta fada anuas, ach is dócha go mbeidh bia a fháil san Eoraip agus neamhspleáchas ó thaobh soláthair mar ábhar imní amach anseo mar gheall ar athrú aeráide, éilimh fuinnimh iomaíochta ar bharrá in éineacht le daonra domhanda atá ag fás agus éileamh ar bhia atá ag méadú.


Tugtar ráthaíochtaí do thomhaltóirí ar shláinte phoiblí agus ar shábháilteacht bia trí chórais shábháilteachta bia éifeachtacha. Leanann an Roinn le córais shábháilteachta bia agus le córais cháillíochta chuimsitheacha a oibriú chuig na caighdeáin idirnáisiúnta is airde. Níos mó agus níos mó áirítear orthu sin bearta bithshlándála iomchuí chun caighdeáin shláinte ainmhithe, docharshaothraithe agus plandaí a chothabháil. Nuair a bhíonn aghaidh tugtha ar shaincheisteanna sábháilteachta, is iad na rudá a mbíonn tionchar acu ar rogha an tomhaltóra ná luach, caighdeán, cothú, tír bunaidh agus táirgeadh eiticíúil. Brathann tionscal bia na hÉireann amach anseo ar an méid agus a chomhlíonfaidh sé na héilimh thomhaltóra ilghnéitheacha sin.

Tá ardstádas sláinte ainmhithe na hÉireann mar bhonn taca do shábháilteacht bia agus leanann sé de bheith lárnach d'inmharthanacht ár dtionscal atá bunaithe ar bheostoc agus ar onnmhairí. Tá bagairtí suntasacha ar shláinte ainmhithe lasmuigh dár dteorainneacha (FMD, Galar Gormtheanga, Fliú Éanlaith). Ciallaíonn na bagairtí sin, in éineacht lenár sochaí atá ag éirí níos soghluaiste agus níos éagsúla i gcónaí go dteastaíonn acmhainní suntasacha chun ár n-ardstádas sláinte agus leasa a choinneáil agus chun cosc a chur ar theacht isteach galar coigríche.

Is tosaíocht í seirbhís phras agus éifeachtach dár gcustaiméirí go léir. Leanfaimid leis na spriocamanna comhaontaithe agus leis na hardchaighdeáin seirbhíse atá leagtha amach inár bPlean Gnímh Seirbhíse Custaiméirí agus inár gCairt Chustaiméirí. Tá sé beartaithe againn tuilleadh feabhais a chur ar cháilíocht ár seachadadh seirbhíse tríd an ualach rialála a shruthlíniú agus trí fhaisnéis agus treoir chruinn agus intuigthe a chur ar fáil do chustaiméirí.

2.3. Tráchtearraí Talmhaíochta agus Dearcadh an Mhargaidh

Mar a léiríonn an chart a ghabhann leis seo, táirgeann earnáil talmhaíochta na hÉireann don mhargadh domhanda go príomha agus tá onnmhairí ríthábhachtach do rathúlacht leanúnach an tionscail.



Chun trádáil rathúil a dhéanamh i margaí náisiúnta agus idirnáisiúnta, caithfidh an earnáil an sochar is fearr a bhaint as a cuid buntáistí agus buanna margaíochta. Caithfidh sí leanúint le tráchtearraí agus táirgí breisluacha nuálacha a tháirgeadh chuig na caighdeáin idirnáisiúnta cáilíochta is airde agus le córais éifeachtacha inriantachta agus sábháilteachta, caighdeáin chomhshaoil láidre agus tarraingteacht do thomhaltóirí.


Caithfidh táirgeadh ag leibhéal feirme a bheith dírithe go hiomlán i dtreo éileamh an mhargaidh chomh maith. Tá raon roghanna ar fáil d'fheirmeoirí aonair agus tá a sheirbhís chomhairleach curtha in oiriúint ag Teagasc go speisialta chun cabhrú le gnó feirme an lae inniu a fhorbairt ó ioncam a bhíonn faoi threallús scéimeanna go dtí claonadh a bheadh dírithe níos mó ar an margadh. Tugann deighilt íocaíochtaí díreacha ó tháirgeadh deis do tháirgeoirí roghanna feirmeoireachta eile a fhiosrú, mar shampla foraoiseacht, táirgeadh orgánach, córais táirgthe níos leithne, nó táirgeadh go sonrach do na margaí ceirde agus speisialtachta ar scála níos lú. Déanfaimid na roghanna sin a spreagadh agus a chur chun cinn go gníomhach.

Is é ról an Stáit ná timpeallacht a éascú a chuidíonn le treallús agus le nuálacht iomaíoch. Baineann an Roinn an ról sin amach trí bheartais earnála iomchuí a fhorbairt a spreagann leibhéal infheistíochta straitéiseacha, a chuireann le forbairt faoi threallús an mhargaidh, a éascaíonn taighde, forbairt agus nuáil, a chothabhálann tacaíochtaí tréidliachta agus bithshlándála éifeachtacha atá riachtanach maidir le rochtain ar mhargaí onnmhairithe agus trí leasa na hearnála a chosaint ag an leibhéal idirnáisiúnta.

Is iad tréithe an mhargaidh bia ná an poitéinseal as cuimse atá ann agus an t-athrú gan staonadh a bhíonn ag tarlú.

2.4. An Tionscal Bia a Fhorbairt

Is í an earnáil bia agus dí an tionscal déantúsóireachta dúchasach is mó in Éirinn, le luach €8 billiún ag onnmhairí agus luach thart ar €18 billiún ag díolacháin fhoriomlána.



Sciar Céatadán d'Onnmhairí Agraibhia 2006

Foinse: Athbheithniú Onnmhairithe & Dearcadh Bhord Bia 2006/2007


Tá scaipeadh réigiúnach maith ag an earnáil seo freisin ó thaobh gníomhaíochtaí. Déanann an tionscal trádáil, go príomha, i margadh bia domhanda a bhfuil mar phríomhthréithe aige poitéinseal ollmhór agus athrú síoraí. Áirítear ar na hathruithe móra a bheidh os comhair cuideachtaí bia Éireannacha sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma iomaíochas níos déine, costais a bheidh ag méadú - go háirithe muirir ardhuinnimh agus seirbhísí - éilimh thomhaltóirí domhanda a bhíonn ag athrú, agus comhdhlúthú miondíola níos mó le tuilleadh cumhachta ag an gceannaitheoir. Tá sé riachtanach binsemharcanna aitheanta i gcaighdeán bia a bhaint amach chun freastal ar éilimh thomhaltóirí an lae inniu ar nós leibhéil níos airde de luach cothaithe agus roghanna maidir le bheith ag ithe go sláintiúil.

Chun cabhrú leis an tionscal na dúshláin sách móra sin a bhaint amach, thug an Clár do Rialtas freagracht as gach gné d'fhorbairt agus de chur chun cinn bia don Roinn seo. Ina theannta sin, tá Fochoiste Comhaireachta ar an earnáil bhia agus dí á bhunú, agus cabhróidh grúpa idir-rannach ardleibhéil leis. Tá na hathruithe sin leagtha amach chun an earnáil thábhachtach seo a chothabháil agus a chur chun cinn agus chun cur i bhfeidhm na mbeartas straitéiseach sa Phlean Gnímh Agraifhís 2015 agus sa Phlean Forbartha Náisiúnta a éascú, beartais a spreagann fás agus nuáil agus a chabhraíonn le hiomaíochas.

2.5. Iascaigh a Fhorbairt

I ndiaidh fhoirmlíú an Rialtais nua i mí an Mheithimh 2007, sannadh freagracht as iascaigh mhara, do bharshaothrú, imeall trá, taighde mara agus innealtóireacht mhara, ar an Roinn seo. Tá an flit iascaireachta mara tráchtála, an tionscal do bharshaothraithe agus próiseála bia mara agus a dtionscail tacaíochta teicniúla, margaíochta/onnmhairithe, miondíola agus soláthair san áireamh anois inár dtéarmaí tagartha.

Is éard atá mar thosaíocht againn poitéinseal na hearnála iascaigh a uasmhéadú agus mar thoradh air sin cur le hioncam phobail mhara agus chósta.



Tá tionchar dearfach ag an bhforaoiseacht ar sholáthar in-athnuaite fuinnimh, ag cur i gcoinne athrú aeráide agus ag cur le bithéagsúlacht..

Tá cur chuige lánpháirtithe agus saindirithe de dhíth chun an earnáil éagsúil seo a fhorbairt. Tá bunobair maidir leis sin déanta i gComhbheartas Iascaigh an AE (CFP) agus trí straitéisí náisiúnta don tionscal bia mara agus taighde mara, i.e. “Steering A New Course” agus “Sea Change”. Déanfar forbairt fhoriomlán ar bhrú chun cinn an tionscail trí fheidhmiú breise na moltaí mionsonraithe atá sna pleananna seo, go príomha, agus tríd an bPlean Straitéiseach Náisiúnta d’Iascaigh, nuair a bheith sé glactha ag an AE.

Áirítear ar na príomhdhúshláin atá os comhair na hearnála seo stoic éisc a chaomhnú agus a atógáil, acmhainneacht flít a chur i gcothromaíocht le hacmhainní a bhfuil fáil orthu, calafoirt iascaigh tosaíochta a fhorbairt chun an tríchur is mó is féidir ó thaobh soláthair a mhealladh, dobharshaothrú a fhorbairt agus straitéisí próiseála iascaireachta agus margaíochta a chur i bhfeidhm chun an toradh is mó is féidir ar tháirgí a bhaint amach. Ní mór na dúshláin sin a chomhlíonadh laistigh de chuspóirí níos leithne an bheartais AE ar bhainistiú lánpháirteach chrios an chósta, beartas atá ag forbairt. Is é an tasc atá againn sna trí bliana amach romhainn feabhas a chur ar phoitéinseal forbartha na hearnála tábhachtaí seo agus mar sin cur le leas agus poitéinseal ioncaim na bpobal mara agus cósta.


2.6. Foraoiseacht a Chur Chun Cinn

Tá ról tábhachtach á imirt ag foraoiseacht cheana féin i bhfolláine eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil na tíre agus is é an dúshlán atá ann cur le cumas an tionscail a mhéid agus is féidir. Is léir go bhfuil poitéinseal tráchtáil meántéarmach go fadtéarmach maith aige de bharr gur féidir leis an bhforaoiseacht foinse ioncaim eile atá inmharthanach a sheachadadh agus tá an margadh dá cuid táirgí ag fás. Is léir na sochair eacnamaíocha soiléire a bheadh mar thoradh ar an gclúdach foraoise a mhéadú ónár leibhéal íseal reatha de 10% agus d’fhéadfadh é sin cur go dearfach le soláthair fuinnimh inathnuaite, athrú aeráide agus bithéagsúlacht a bheadh ag méadú.

Is é an bac is mó ar an tionscal leibhéil phlandála inmharthana a bhaint amach agus is é an dúshlán atá ann oibriú go dlúth leis na geallsealbhóirí éagsúla lena chinntiú go gcoinneoidh na scéimeanna agus tacaíochtaí nua i gcláir fhoraoiseachta an AE agus an NDP an fhoraoiseacht mar rogha úsáide talún éifeachtach, go bhforbróidh siad an deis fuinnimh a bhaineann léi agus go gcothabhálfadh siad tionscal foraoiseachta fuinniúil.

2.7. An Comhshaoil a Bhainistiú

Níos mó agus níos mó féachtar ar na tionscail thalmhaíochta agus foraoiseachta mar thionscail atá ag croílár na réiteach ar dhúshláin dhomhanda a eascraíonn as athrú aeráide agus soláthair fuinnimh. Áirítear ar na limistéir inar féidir leo rannchuidiú dearfach a dhéanamh astuithe gáis cheaptha teasa a laghdú, soláthair bithfhuinnimh a mhéadú, na rioscaí a bhaineann le húsáid lotnaidicídí agus ceimiceáin eile a laghdú, cur le bithéagsúlacht agus gnáthóga de bharr cleachtas feirmeoireachta níos leithne agus leochaileach agus díghrádú comhshaoil a laghdú trí úsáid inbhuanaithe a bhaint as acmahinní nádúrtha agus trí dhea-phróisis bhainistithe dramhaíola. Tá an Roinn freagrach as an tionchar atá aici féin ar an gcomhshaoil a bhainistiú ó thaobh éifeachtacht fuinnimh agus gníomhaíochtaí eile a tháirgeann dé-ocsaíd charbóin.



Tá an dá spríoc thábhachtacha – feabhas a chur ar bhia a fháil agus bainistiú an chomhshaoil ag croílár ár gcuid iarrachtaí

Tá an t-athrú i dtreo táirgí tráchtála breisluacha bunaithe ar chomhordú níos fearr agus baint níos mó a bheith idír R&D tionsclaíoch agus R&D a mhaoinítear go poiblí.

Tá roinnt beartas Rialtas agus AE, a bhfuil spriocanna sainmhínithe acu, a bhfuiltear ag dul ina dtóir go forghníomhach chun seachadadh thorthaí comhshaoil dearfacha a fheabhsú. Áirítear orthu sin an Plean Gnímh Bithfhuinnimh Náisiúnta, an Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide 2007-2012, Prótacal Kyoto do Chreat Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Athrú Aeráide, an Plean Gnímh Níotráití, an Plean Náisiúnta Bithéagsúlachta agus Treoir Creat Uisce an AE. Agus an tábhacht a bhaineann le tabhairt faoi na dúshláin a thugann athrú aeráide agus caighdeáin chomhshaoil a bhíonn ag athrú go síoraí á aithint aici, tá baint fhorghníomhach ag ár Roinn le measúnú a dhéanamh ar thionchar ghníomhaíochtaí talmhaíochta, bia, foraoiseachta agus iascaigh ar na spriocanna sin agus leis na céimeanna go léir a theastaíonn a thógáil chun dea-iompar agus dea-caighdeáin a chur chun cinn le comhshaol inbhuanaithe agus bithéagsúlacht a chinntiú.

2.8. Nuáil a Chur Chun Cinn

Tá taighde agus forbairt ríthábhachtach chun cumas na hearnála dúchasá talmhaíochta, bia agus iascaigh a bhrú chun cinn le go mbeidh sí in ann a bheith iomaíoch sa mhargadh nuálach baile agus domhanda atá faoi threallús na teicneolaíochta. Ba é sin ceann de na príomhtheachtaireachtaí sa Straitéis Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuála (SSTI), sa Phlean Gnímh Agraifhís 2015, sa Straitéis Sea Change 2007-13 agus sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2007-13. Tá maoiniú poiblí de €782 milliún leithroinnte i gcomhair taighde faoi na Fo-Chláir Taighde Mara agus Bia Talmhaíochta sa Phlean Forbartha Náisiúnta chun tacú le bith-gheilleagar eolasbhunaithe a fhorbairt. Leis na cláir taighde, cuirfear an bonn eolaíochta agus an tacaíocht ar fáil d'earnáil talmhaíochta, bia, foraoiseachta agus iascaigh a bheidh inbhuanaithe, iomaíoch, dírithe ar an margadh agus nuálaíoch.


Teastóidh teicneolaíochtaí agus córais nua a fhorbairt maidir le táirgeadh talmhaíochta chun tacú le táirgiúlacht, éifeachtúlacht, iomaíochas agus inbhuanaitheacht comhshaoil na hearnála. Le forbairt an Tionscail Bia amach anseo, beidh béim ar an ngá le nuáil maidir le teicneolaíocht agus táirgí chun seasamh na hÉireann a bhrú suas sa slabhra luacha ó thráchtarraí bunúsacha i dtreo táirgí níos éagsúla le breisluach ard. Is dúshlán ollmhór é sin a bhaint amach agus beidh sé bunaithe ar rannpháirtíocht tionscail níos mó in R&D, le tacaíocht ó eolas agus saineolas R&D a bheidh maoinithe go poiblí.

Ina theannta sin, aithníodh gur saincheist lárnach é eolas a aistriú ó eagraíochtaí taighde chuig tionscal maidir le timpeallacht de thaighde den scoth agus tráchtálaithe a fhorbairt. Le níos mó infheistíochta in R&D, cuirfear le cumas agus leis an leibhéal scileanna san earnáil. Leis sin chomh maith le haistriú teicneolaíochta, cuirfear forbairt chultúr nuálaíoch chun cinn le bheith mar threallús do nuáil maidir le táirgí agus próisis.

2.9. Patrúin feirmeoireachta a athrú

Tháinig ardú ar an líon feirmeoirí a nascann a ngníomhaíochtaí feirmeoireachta le fostaíocht lasmuigh dóibh mar thoradh ar an bhfáil atá ar dheiseanna fostaíochta eis-feirme mar aon le hathruithe i gcleachtais talmhaíochta. Ag eascairt as sin tá patrún ina dtarlaíonn formhór na táirgeachta dianfheirmeoireachta laistigh den mhéid feirmeoirí lánaimseartha atá fágtha. Is dócha go leanfaidh an treocht sin ar aghaidh. Is é an dúshlán atá romhainn a chinntiú go leanfar le feirmeoireacht ar bhealach iomaíoch agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, a choinneoidh an tsamhail Eorpach talmhaíochta, a dhéanfaidh an leibhéal earraí poiblí a uasmhéadú agus a chothabhálfaidh inneach shocháil na tuaithe. Is dúshlán mór é sin d'fheirmeoirí do phróiseálaithe agus do dhéantóirí beartais, ach is dúshlán é is féidir a chomhlíonadh.

Is é an dúshlán atá ann ná a chinntiú go leanfaidh iomaíochas na feirmeoireachta ar aghaidh chomh maith le bheith inbhuanaithe go sóisialta agus ó thaobh an chomhshaoil de ag an am céanna.



Is foinsí príomha ábhar atá oiriúnach chun fuinneamh inathnuaite a tháirgeadh iad an talmhaíocht agus an fhoraoiseacht.

2.10. Poitéinseal Bithfhuinnimh a Fhorbairt

Lasmuigh den AE, is ceann de na tíortha is mó a bhraitheann ar fhuinnimh allmhairithe í Éire – is ionann fuinneamh allmhairithe agus 87% den úsáid náisiúnta. Chun an scéal sin a chur ina cheart, caithfear an úsáid a bhaintear as teicneolaíochtaí fuinnimh inathnuaite a mhéadú. Is iad na hearnálacha talmhaíochta agus foraoiseachta foinsí formhór na n-ábhar fuinnimh inathnuaite is féidir a aistriú isteach i raon bithbhreoslaí nach ndéanann dochar don chomhshaoil. Tá aeráid na hÉireann níos oiriúnaí go ginearálta ó thaobh ábhar lignin-cheallalóiseach mar adhmaid, tuí agus barra ilbhliantúla a tháirgeadh. San fhadtéarma, beifear in ann na hábhair sin a aistriú isteach ina mbithbhreoslaí leachtacha mar gheall ar theacht chun cinn teicneolaíochtaí dara glúin.

Tá aird nach beag tugtha againn ar an réimse bithfhuinnimh. Chuireamar le forbairt beartais ag leibhéal idir-rannach agus táimid ag obair lena chinntiú go dtacófar leis an earnáil thar an slabhra soláthair go léir. Áirítear ar an bPlean Gnímh Bithfhuinnimh Náisiúnta roinnt gníomhartha sainiúla chun an sciar d'fhuinneamh inathnuaite a fhaightear ón earnáil talmhaíochta agus foraoiseachta a mhéadú. Áirítear ar na gníomhartha sin spriocanna chun úsáid bhithmhaise agus bhithbhreoslaí a chur chun cinn, dreasachtaí chun táirgeadh bharráí fuinnimh a mhéadú, forbairt agus tacaíocht don slabhra fuinnimh adhmaid foraoiseachta agus tacaíocht do thaighde agus forbairt sa réimse agra-fhuinnimh.

2.11. An tUalach Rialála a Athbhreithniú.

Bíonn creat rialála éifeachtach agus solúbtha riachtanach, i dtimpeallacht iomaíoch, chun forbairt agus leathnú gnó a éascú. Mar sin féin, teastaíonn rialáil éifeachtach chomh maith chun sláinte agus leas saoránach, oibreoirí, tomhaltóirí, gnó, ainmhithe agus an chomhshaoil a chosaint. Níl sé éasca an chothromaíocht sin a bhaint amach. Tá Measúnuithe Tionchair Rialála ar an reachtaíocht phríomhúil nua go léir, nó ar mholtaí beartais suntasacha beartaithe, riachtanach chun cabhrú leis an ualach riaracháin orthu siúd a bhíonn faoi rialáil a íoslaghdú, fad a choinnítear caighdeáin agus leibhéil chomhlíonta. Ina theannta sin, táthar ag leanúint leis an saincheist seo i gcomhthéacs Eorpach faoi Chlár Oibre Simplithe an AE, a bhfuil príomhspríoc aige na hualaigh riaracháin a eascraíonn ó reachtaíocht AE a laghdú 25% faoi 2012. Tá Éire rannpháirteach go gníomhach agus is minic a threoraíonn sí na pléití sin le súil agus brúnna tras-chomhlíonta a fheabhsú agus leis an ualach iomlán páipéarachais ar fheirmeoirí agus ar chliant eile a laghdú.

2.12. Feidhmíocht Eagraíochta agus an Clár Oibre Nuachóirithe

Is próiseas leanúnach é feidhmíocht a fheabhsú agus tá sé mar bhonn taca maidir le cé chomh héifeachtach is a dhéanamid ár gcuspóirí a chomhlíonadh. Éilíonn sin go ndéanfaí iarrachtaí leanúnacha ar phróisis a fheabhsú chun na dianchaighdeáin a éilítear uainn a bhaint amach agus go dtabharfaí aird ghéar ar ár bhfoireann agus ár gcórais a fhorbairt chun an leas is fearr a bhaint astu. Táimid tiomanta go hiomlán an clár díláraithe a chur i bhfeidhm, an clár oibre nuachóirithe a fhorbairt tuilleadh agus a chinntiú go gcuirfí seirbhís ardchaideáin ar fáil do gach custaiméir, idir sheachtrach agus inmheánach.

Is próiseas leanúnach é feidhmíocht eagrúcháin a fheabhsú agus tá an Roinn tiomanta go hiomlán dó.

Tá ár n-athbhreithniú féin beagnach críochnaithe againn ar ár struchtúir agus oibríochtaí agus táimid ar cheann de na chéad rannpháirtithe i gClár Athbhreithnithe Eagraíochta an Taoisigh. Cabhróidh na próisis sin leis an eagraíocht anailís a dhéanamh ar na príomhdhúshláin atá roimpi agus tabharfaidh siad treoir maidir leis na hathruithe a mbeidh gá leo chun déileáil leis an timpeallacht oibríochta athraithe.

Baineann an Roinn seo úsáid as raon meicníochtaí chun measúnú leanúnach a dhéanamh ar thosaíochtaí ó thaobh acmhainní a leithdháileadh. Áirítear orthu sin ár bpróisis phleanála gnó, an Creat Faisnéise Bainistíochta, an clár Bhainistiú Riosca agus an Clár Luach ar Airgead agus Athbhreithniú Beartais. Chomh maith leis sin, cabhraíonn táirgeadh an Ráitis Aschuir Bhliantúla (AOS) linn díriú ar chuntasacht feidhmíochta, seachadadh seirbhísí agus acmhainní a leithdháileadh.

Bíonn bainistiú feidhmíochta an duine aonair faoi threoir na bPleananna Forbartha Pearsanta a forbraíodh faoin gCóras Bhainistiú Feidhmíochta agus Forbartha. Tugtar tacaíocht dó trí earcaíocht ghníomhach, oiliúint, forbairt, soghluaisteacht agus beartais chomhionannais. Tá na beartais sin, a ndéantar athbhreithniú orthu ar bhonn rialta, leagtha amach chun cur leis na deiseanna atá ar fáil don fhoireann go léir a leibhéal eolais, a n-inniúlachtaí agus a scileanna a fheabhsú. Bíonn tionchar ar feidhmíocht phearsanta ag cumarsáid éifeachtach agus ag beartais chomhairliúcháin chomh maith agus le linn thréimhse na Straitéise seo, cuirfear tuilleadh lenár gcumarsáid inmheánach agus lenár bpróiseas comhchomhairleach trí theicneolaíocht, cúrsaí oiliúna, comhpháirtíocht, PMDS, comhdhálacha, foilseacháin agus meicníochtaí idirchaidrimh eile a úsáid.



Caibidil 3- Spriocanna, Straitéisí agus Táscairí Feidhmíochta

Sprioc 1 *Creat beartais iomchuí a sholáthar chun tacú le forbairt earnáil a bheidh iomaíoch agus nuálach go hidirnáisiúnta agus a bheidh dírithe ar an tomhaltóir.*

Táscairí Feidhmíochta Ardleibhéil

- Tionchar idirbheartaíochtaí AE/ na hEagraíochta Domhanda Trádála (WTO) ar thalmhaíocht, foraoiseacht agus iascaigh na hÉireann.
- Luach/méid onnmhairí talmhaíochta, bia agus éisc.
- An méid a fheidhmítear cláir agus doiciméid bheartais ollmhóra agus an tionchar a bhíonn acu sin agus ag tionscnaimh náisiúnta ar an earnáil.
- Luach/méid na hearnála bia tomhaltóra ullmhaithe.

Uimhir

Gníomhartha Straitéiseacha

Táscairí Feidhmíochta

1.1

Tiomantais ábhartha sa Chlár do Rialtas agus i bpleananna beartais straitéiseacha a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear Plean Gnímh AV2015, I dTreo 2016, NDP/RDP, SSTI, *Steering a New Course agus Sea Change*.

- ▶ An méid a fheidhmítear doiciméid bheartais mar a chainnítear agus mar a thuiriscítear sa Tuarascáil Bhliantúil

1.2

Leasa earnálacha talmhaíochta, bia, iascaigh agus foraoiseachta na hÉireann a chur chun cinn agus a chosaint ag leibhéal AE agus ag leibhéal idirnáisiúnta.

- ▶ Toradh Sheiceáil Sláinte CAP, Codex Alimentarius, idirbheartaíochtaí WTO
- ▶ Doha agus idirbheartaíochtaí eile, agus an tionchar ar na hearnálacha. An méid a léiríonn reachtaíocht agus beartais AE leasa na hÉireann

Uimhir

Gníomhartha Straitéiseacha

Táscairí Feidhmíochta

- | | | |
|------|--|--|
| 1.3 | Tacú leis an tionscal bia agus a chuid iomaíochais a dheimhniú trí gach gné dá fhorbairt agus dá chur chun cinn in DAFF agus ina chuid ghníomhaíochtaí a chomhdhlúthú | <ul style="list-style-type: none"> ▶ Na gníomhaíochtaí earnála bia ábhartha go léir a thabhairt faoi théarmaí tagartha DAFF agus a chuid ghníomhaireachtaí ▶ Gníomhartha déanta de bharr chinntí Ghrúpa Idir-Rannach an Tionscail Bhia agus an Fhochoiste Comhaireachta ▶ Éifeacht na ngníomhartha déanta chun margaí a oscailt, a chothabháil agus a dhaingniú |
| 1.4 | Beartais, cláir agus scéimeanna a fheidhmiú agus a fhorbairt tuilleadh chun tacú le forbairt iomaíoch na n-earnálacha talmhaíochta, bia, iascaigh agus foraoiseachta | <ul style="list-style-type: none"> ▶ ITionchar ar na hearnálacha ábhartha arna thomhas le hathruithe i GVA |
| 1.5 | Tacú le hiarrachtaí forbairt na n-earnálacha bia agus iascaigh orgánacha, ceirde agus áitiúla a chur chun cinn. | <ul style="list-style-type: none"> ▶ Luach/méid na hearnála, ▶ An líon gnóthaí Bia Oibritheoirí san earnáil |
| 1.6 | Tacú le taighde le bheith mar bhonn taca d'infhuanaitheacht, d'fhorbairt margaíochta, do nuáil agus do tháirgiúlacht i dtalmhaíocht, bithfhuinneamh, iascaigh, foraoiseacht agus bia, agus an taighde sin a scaipeadh. | <ul style="list-style-type: none"> ▶ An líon tionscadal taighde arna maoiniú faoi chláir taighde na hÉireann agus an AE ▶ Leibhéal chur i bhfeidhm na dtorthaí taighde. |
